Parlaimint na hEorpa
2019-2024

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

2023/2085(INI)

30.11.2023

TUAIRIM

ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

chuig an gCoiste um Ghnóthaí Bunreachtúla

maidir le chur chun feidhme fhorálacha na gConarthaí ar bunphrionsabal shaoránacht an Aontais
(2023/2085(INI))

Rapóirtéir don tuairim: Beata Kempa

PA_NonLeg

MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile ar an gCoiste um Ghnóthaí Bunreachtúla, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

1. Ag tabhairt dá haire go mbaineann thart ar 50 milliún duine le mionlach náisiúnta nó teanga san Aontas; ag tabhairt dá haire nach bhfuil aon bhearta reachtacha glactha ag an gCoimisiún mar fhreagairt ar an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh 'Minority SafePack – aon mhilliún síniú don éagsúlacht san Eoraip', in ainneoin gur thacaigh tromlach mór Feisirí de Pharlaimint na hEorpa leis;

2. Ag tabhairt dá haire go bhfuil an ceart chun saoirse ghluaiseachta agus a fheidhmiú lárnach do shaoránacht an Aontais; ag tabhairt dá haire go bhfuil cruthú limistéar Schengen ar cheann de na héachtaí is mó atá bainte amach ag próiseas lánpháirtíochta na hEorpa agus go gcuireann sé go mór leis an tsaoirse ghluaiseachta laistigh den Aontas; ag tabhairt dá haire gur dheimhnigh an Chomhairle, ina conclúidí an 9 Meitheamh 2011, gur éirigh leis an bpróiseas meastóireachta a thabhairt i gcrích agus ullmhacht theicniúil na Bulgáire agus na Rómáine chun aontú do limistéar Schengen;

3. Á mheabhrú go bhfuil saoránacht an Aontais, de réir Chonarthaí an Aontais, nasctha go dlúth agus go mbraitear ar náisiúntacht ó Bhallstát, ar inniúlacht eisiach de chuid gach Ballstáit í a dheonú; á chur i bhfios nach bhfuil aon bhealach eile ann chun saoránacht an Aontais a fháil ná trí náisiúntacht Bhallstáit a fháil;

4. Á mheas go gcuimsítear le saoránacht an Aontais an fhéiniúlacht dhaonlathach Eorpach chomhroinnte agus choiteann agus na cearta, na dualgais agus na saoirsí sonracha a ghabhann léi, agus go neartaíonn feidhmiú na gceart sin nasc na saoránach leis an Aontas;

5. Á mheabhrú go sainítear saoránacht an Aontais in Airteagal 20 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) mar shaoránacht atá bunaithe ar shaoránacht ó Bhallstát; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé leanúint den chóras sin a chur i bhfeidhm, fiú tar éis athbhreithnithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar na Conarthaí amach anseo;

6. Á iarraidh ar an Aontas glacadh Chairt Eorpach um Chearta Digiteacha a chur chun cinn, lena n-áirítear cearta saoránachta digití, ag tógáil ar an Dearbhú Eorpach maidir le Cearta Digiteacha agus Prionsabail don Deacáid Dhigiteach;

7. Á iarraidh ar an gCoimisiún teachtaireacht nua a ghlacadh lena soiléireofar príomhchoincheapa áirithe atá i dTreoir 2004/38/CE[1] maidir leis an gceart atá ag saoránaigh an Aontais agus a dteaghlaigh gluaiseacht agus cónaí faoi shaoirse laistigh den Aontas, chun treoirlínte atá cothrom le dáta a chur ar fáil do na Ballstáit a

[1]Treoir 2004/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le ceart shaoránaigh an Aontais agus bhaill a dteaghlaigh aistriú agus cur fúthu gan bhac laistigh de chríoch na mBallstát lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68 agus lena n-aisghairtear Treoracha 64/221/CEE, 68/360/CEE, 72/194/CEE, 73/148/CEE, 75/34/CEE, 75/35/CEE, 90/364/CEE, 90/365/CEE agus 93/96/CEE) (IO L 158, 30.4.2004, lch. 77).

d'fhéadfadh rannchuidiú le feabhas a chur ar chur chun feidhme na treorach ar an leibhéal náisiúnta, rud a rachadh chun tairbhe do shaoránaigh an Aontais agus dá mbaill teaghlaigh;

8. Á iarraidh ar an gCoimisiún togra a thíolacadh, gan a thuilleadh moille, chun an Treoir maidir le Cosaint Chonsalach[2] a nuashonrú agus a fheabhsú, lena n-áirítear trí ról níos gníomhaí a thabhairt do thoscaireachtaí an Aontais maidir le cúnamh a thabhairt do shaoránaigh an Aontais nach ndéantar ionadaíocht orthu agus atá ina gcónaí nó ag taisteal taobh amuigh den Aontas;

9. Á iarraidh ar an gComhairle agus ar an gComhairle Eorpach an ghníomhaíocht is gá a dhéanamh chun a áirithiú go mbeidh na tíortha a chomhlíonann na critéir theicniúla chun bheith ina gcomhaltaí de limistéar Schengen ceadaithe a bheith páirteach ann, rud a chuirfidh ar chumas shaoránaigh uile an Aontais leas a bhaint as saoirse ghluaiseachta agus feabhas a chur ar a bhféiniúlacht Eorpach;

10. Á iarraidh ar an gCoimisiún comhaontuithe cómhalartacha víosaí a lorg go gníomhach le tíortha nach bhfuil san Aontas agus leis na Ballstáit lena mbaineann chun cóir chomhionann a áirithiú agus chun seasamh le prionsabal na cómhalartachta víosaí, agus soghluaisteacht agus cearta shaoránaigh uile an Aontais á gcur chun cinn;

11. Á iarraidh ar na Ballstát na saoránaigh shoghluaiste de chuid an Aontais a chur ar an eolas, tráth an chlárúcháin ina mBallstát cónaithe, faoina gcearta toghchánacha agus na nósanna imeachta toghchánacha maidir le toghcháin Eorpacha agus bhardasacha, agus an rogha a thabhairt dóibh cláru láithreach mar vótálaí;

12. Ag tathant ar an gComhairle na hathbhreithnithe ar an Treoir ón gComhairle maidir le cearta toghchánacha shaoránaigh shoghluaiste an Aontais i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa[3] agus ar an Treoir ón gComhairle maidir le cearta toghchánacha shaoránaigh shoghluaiste an Aontais i dtoghcháin bhardasacha a ghlacadh go pras[4], i gcomhréir leis an seasamh a d'fhormheas an Pharlaimint;

13. Ag cur béim ar an bhfíoras gur cheart d'institiúidí an Aontais tuilleadh feasachta, eolais agus tuisceana a spreagadh maidir leis na cearta agus na saoirsí a eascraíonn as a saoránacht san Aontas agus á thabhairt chun suntais go bhfuil easnaimh shuntasacha fós ann i gcur i bhfeidhm praiticiúil shaoránacht an Aontais; á mheas, chun acmhainneacht shaoránacht an Aontais a bhaint amach ar bhealach níos fearr, gur cheart don Aontas bearta a dhéanamh chun cosaint luachanna bunaidh an Aontais a ráthú; á mheabhrú gur bunluach de chuid an Aontais Eorpaigh é cosaint mionlach, lena n-áirítear cosaint náisiúnta agus teanga, agus gur príomhchúram é ag an am céanna don Aontas Eorpach;

---

[2] Treoir (AE) Uimh. 2015/637 ón gComhairle an 20 Aibreán 2015 maidir le bearta comhordúcháin agus comhair le cosaint chonsalach a éascú do shaoránaigh de chuid an Aontais i dtríú tíortha nach bhfuil ionadaí dá dtír féin iontu agus lena n-aisghairtear Cinneadh 95/553/CE (IO L 106, 24.4.2015, lch 1).

[3] Togra ón gCoimisiún le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leagtar síos socruithe sonracha a bhaineann le cearta chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa a fheidhmiú do shaoránaigh an Aontais a bhfuil cónaí orthu i mBallstát nach náisiúnaigh dá chuid iad (COM(2021)0732).

[4] Togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leagtar síos socruithe mionsonraithe maidir le feidhmiú an chirt chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin bhardasacha ag saoránaigh den Aontas a bhfuil cónaí orthu i mBallstát nach náisiúnaigh dá chuid iad (COM(2021)0733).

14. Á iarraidh ar na Ballstáit rannpháirtíocht a saoránach uile a uasmhéadú, lena n-áirítear grúpaí atá leochaileach go sóisialta, trína gcearta toghchánacha a neartú trí fheachtais múscailte feasachta, a rannpháirtíocht i ndíospóireachtaí poiblí a spreagadh agus socruithe iomchuí atá saincheaptha dá nósanna imeachta vótála náisiúnta a chur chun feidhme chun vótáil ag daoine ar de ghrúpaí imeallaithe, mionlaigh nó leochaileacha iad a éascú agus a bhfuil deacrachtaí vótála acu, mar shampla tríd an rogha a thabhairt stáisiúin vótála a roghnú agus teicneolaíochtaí, formáidí agus teicnící cúnta a úsáid; á iarraidh ar na Ballstát, ina theannta sin, a cheadú go bhfaighidh daoine faoi mhíchumas, arna iarraidh sin dóibh, cúnamh chun vótáil ó dhuine dá rogha féin agus féachaint leis an rogha postvótáil a chur ar fáil, agus b'fhéidir, vótáil fhisiciúil, seachvótáil agus vótáil leictreonach agus ar líne a éascú tuilleadh;

15. Á iarraidh ar na Ballstáit bearta a ghlacadh chun a bpróisis toghcháin a choinneáil saor ó antoisceachas, ó scaipeadh na bréagaisnéise agus ó chur isteach eachtrach;

16. Á mheabhrú go ndéantar an ceart chun páirt a ghlacadh sa saol daonlathach agus an oibleagáid chun a áirithiú go ndéanfar cinntí chomh hoscailte agus chomh gar agus is féidir do na saoránaigh a chosaint faoi Airteagal 10 den Chonradh ar an Aontas Eorpach; á iarraidh ar institiúidí an Aontais agus ar na Ballstáit dóthain ama a áirithiú le haghaidh comhairliúchán poiblí agus trédhearcachta agus doiciméid phoiblí a fhoilsiú ar bhealach réamhghníomhach;

17. Ag tathant ar an gComhairle agus ar an gCoimisiún tús a chur an athuair leis an athbhreithniú ar Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001[5] chun a áirithiú go mbeidh saoránaigh uile an Aontais in ann a gceart a fheidhmiú go hiomlán chun rochtain a fháil ar dhoiciméid agus chun grinnscrúdú a dhéanamh ar institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais.

18. Á iarraidh ar na Ballstáit deireadh iomlán a chur de réir a chéile le scéimeanna saoránachta trí infheistíocht agus le haon scéimeanna nó cláir náisiúnta chomhchosúla eile as a n-eascraíonn saoránacht a fháil agus lena mbaineann saoránacht an Aontais a dhíol go díreach nó go hindíreach, ós rud é go bhfuil siad sin amhrasach ó thaobh eitice, dlí agus eacnamaíochta de, go bunúsach, nach bhfuil siad comhoiriúnach le prionsabal an chomhair dhílis, toisc go mbaineann siad an bonn de choincheap shaoránacht an Aontais agus go sáraíonn siad prionsabail agus luachanna an Aontais; á mheabhrú go bhfuil roinnt rioscaí tromchúiseacha slándála ag baint leis na scéimeanna sin do shaoránaigh an Aontais, amhail iad siúd a eascraíonn as sciúradh airgid agus éilliú; á mheas go bhféadfadh rioscaí slándála a bheith mar thoradh ar an easpa comhchaighdeán lena rialaítear scéimeanna maidir le áit chónaithe a dheonú ar bhonn infheistíocht airgeadais agus go bhféadfadh sé rannchuidiú leis an mbonn a bhaint ó shláine an Aontais;

19. Ag cáineadh an fhíorais go bhfuil idirdhealú ar raon foras fós ann ar fud an Aontais; á mheabhrú go dtoirmisctear le hAirteagal 21 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, idirdhealú a dhéanamh, bíodh an t-idirdhealú sin bunaithe ar aon fhoras, mar shampla inscne, cine, dath, bunús eitneach nó sóisialta, airíonna géiniteacha,

[5] Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid de chuid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin (IO L 145, 31.5.2001, lch. 43).

teanga, reiligiún nó creideamh, tuairim pholaitiúil nó aon tuairim eile, ballraíocht de mhionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois nó gnéaschlaonadh; á athdhearbhú gur gá an t-idirdhealú i gcoinne daoine ar de ghrúpaí leochaileacha agus de mhionlaigh iad a chomhrac, agus á iarraidh an athuair go mbeadh córas cuimsitheach cosanta Aontais ann lena n-áireofaí ionstraimí dlí idirnáisiúnta atá ann cheana agus lena leanfar dea-chleachtais chruthaithe san Aontas;

20. Á iarraidh go ndéanfaí reacht saoránachta an Aontais a tharraingt suas, ar bhonn Airteagal 25 CFAE, lena ndéanfaí cearta saoránachta atá ann cheana a thiomsú agus a thabhairt cothrom le dáta agus lena mbunófar cearta nua; á mheabhrú gur cheart dréachtú reacht saoránachta an Aontais agus nuashonrú na gceart nua sin a dhéanamh faoi na Conarthaí;

21. Á iarraidh go n-áireofaí clásal cothrománach neamh-idirdhealaithe i reacht saoránachta an Aontais, mar choimirce bhreise ar chomhionannas i bhfeidhmiú ceart saoránachta, d'fhonn leibhéal aonfhoirmeach cosanta a áirithiú laistigh den Aontas, ar bhonn Airteagal 19 CFAE, do dhaoine ar de ghrúpaí leochaileacha agus imeallaithe iad;

22. Á iarraidh ar an gCoimisiún na tograí sin a chur san áireamh i dtuarascáil 2023 ar shaoránacht an Aontais atá ar na bacáin agus na bearta is gá a dhéanamh chun iad a chur chun feidhme de réir an nóis imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 25 CFAE.

FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

Dáta an ghlactha	28.11.2023
Toradh na vótála críochnaithí	+: 48 –: 9 0 5
Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Abir Al-Sahlani, Malik Azmani, Pietro Bartolo, Theresa Bielowski, Vladimír Bilčík, Malin Björk, Vasile Blaga, Karolin Braunsberger-Reinhold, Patrick Breyer, Saskia Bricmont, Annika Bruna, Damien Carême, Clare Daly, Lena Düpont, Lucia Ďuriš Nicholsonová, Cornelia Ernst, Nicolaus Fest, Evin Incir, Sophia in ‘t Veld, Patryk Jaki, Marina Kaljurand, Assita Kanko, Fabienne Keller, Łukasz Kohut, Moritz Körner, Jeroen Lenaers, Juan Fernando López Aguilar, Nadine Morano, Javier Moreno Sánchez, Maite Pagazaurtundúa, Pina Picierno, Birgit Sippel, Tineke Strik, Annalisa Tardino, Yana Toom, Milan Uhrík, Tom Vandendriessche, Elena Yoncheva, Javier Zarzalejos
Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Daniel Freund, José Gusmão, Rasa Juknevičienė, Beata Kempa, Matjaž Nemec, Janina Ochojska, Jan-Christoph Oetjen, Kostas Papadakis, Silvia Sardone, Paul Tang, Petar Vitanov, Axel Voss, Tomáš Zdechovský
Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Mathilde Androuët, Margrete Auken, Traian Băsescu, Tom Berendsen, Jarosław Duda, Rosa Estaràs Ferragut, Pär Holmgren, Andrey Kovatchev, Antonius Manders, Riho Terras

IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

Fuair an Rapóirtéir ionchur ó na heintitis nó na daoine seo a leanas nuair a bhí an tuarascáil á hullmhú, go dtí gur glacadh sa choiste í:

Eintiteas agus/nó duine
Dearbhaíonn an Rapóirtéir nach bhfuair sí aon ionchur ó eintitis ná ó dhaoine.

Is faoi fhreagracht eisiach an Rapóirtéara a rinneadh an liosta thuas a tharraingt suas.

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

48	+
EPP	Traian Băsescu, Tom Berendsen, Vladimír Bilčík, Vasile Blaga, Karolin Braunsberger-Reinhold, Jarosław Duda, Lena Düpont, Rosa Estaràs Ferragut, Andrey Kovatchev, Jeroen Lenaers, Antonius Manders, Nadine Morano, Janina Ochojska, Axel Voss, Javier Zarzalejos, Tomáš Zdechovský
S&D	Pietro Bartolo, Theresa Bielowski, Evin Incir, Marina Kaljurand, Łukasz Kohut, Juan Fernando López Aguilar, Javier Moreno Sánchez, Matjaž Nemec, Pina Picierno, Birgit Sippel, Paul Tang, Petar Vitanov, Elena Yoncheva
Renew	Abir Al-Sahlani, Malik Azmani, Lucia Ďuriš Nicholsonová, Sophia in ‘t Veld, Fabienne Keller, Moritz Körner, Jan-Christoph Oetjen, Maite Pagazaurtundúa, Yana Toom
Na Glasaigh/SCE	Margrete Auken, Patrick Breyer, Saskia Bricmont, Damien Carême, Daniel Freund, Pär Holmgren, Tineke Strik
CLE	Patryk Jaki, Assita Kanko, Beata Kempa

9	-
EPP	Rasa Juknevičienė, Riho Terras
ID	Mathilde Androuët, Annika Bruna, Nicolaus Fest, Tom Vandendriessche
An Chlé	Cornelia Ernst
NI	Kostas Papadakis, Milan Uhrík

5	0
ID	Silvia Sardone, Annalisa Tardino
An Chlé	Malin Björk, Clare Daly, José Gusmão

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh